

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: ZK i gcáil comharba ar JM, leachtaitheoir i bhféimheacht BMA Nederland BV

Cosantóir: BMA Braunschweigische Maschinenbauanstalt AG

Idiragraí: Stichting Belangbehartiging Crediteuren BMA Nederland

An chuid oibríochtúil

1. Ní mór Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála a léirmhíniú amhail go bhfuil dlínse ag cúirt áit bhunaíochta na cuideachta ar neamh-inghnóthaithe a cuid fiach toisc gur mhainnigh a cuideachta is “seantuismitheoir” a dualgas cúraim i leith chreidiúnaithe na cuideachta, chun ghníomhaíocht chomhchoiteann i leith damáistí agus leasa in ábhair a bhaineann le tort, arna tionscnamh ag leachtaitheoir i bhféimheacht na cuideachta sin i mbun a dhualgais dlí an t-eastát a fhoirceannadh thar ceann na gcreidiúnaithe go léir ach ina n-ainm a éisteacht.
2. Ní dhéantar aon difear do fhreagra na chéad cheiste a tharchuirtear chun réamhrialú má chuirtear san áireamh gur fheidhmigh fondúireacht chun leasa comhchoiteanna na gcreidiúnaithe a chosaint sa chás sna príomhimeachtaí agus nach gcuirtear imthosca leithleacha na gcreidiúnaithe san áireamh.
3. Ní mór Airteagal 8(2) de Rialachán Uimh. 1215/2012 a léirmhíniú amhail, má dhéanann an chúirt ar tugadh an iarraidh bhunaidh os a comhair a cinneadh a dlínse chun éisteacht na hiarrata sin a fhreaschur, go gcaillfidh sí a dlínse chun iarratais arna dtionscnamh ag an idiragraí a éisteacht trí fheidhmiú an dlí.
4. Ní mór Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha (an Róimh II) a léirmhíniú amhail gurb é an dlí is infheidhme ar oibleagáidí damáistí i dtaobh cúram dualgais atá ar chuideachta is “seantuismitheoir” a dearbhaíodh ina féimheacht í, i bprionsabal, dlí na tíre ina bhfuil an chuideachta sin bunaithe, bíodh is gur féidir a fhionnadh go bhfuil naisc níos dlúithe aici le tír eile de réir bhrí Airteagail 4(3) toisc gurbh ann do chomhaontú maoinithe idir an dá chuideachta roimh ré, chomh maith le clásal maidir le rogha cúirte.

(¹) IO C 443, 21.12.2020.

Breithiúnas na Cúirte (an cúigiú Dlísheomra) an 10 Márta 2022 (Iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgericht Hannover – an Ghearmáin) – Imeachtaí a tionscnaíodh i gcoinne K

(Cás C-519/20) (¹)

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas inimirce – Treoir 2008/115/CE – Coinneáil chun críoch aistrithe – Airteagal 16(1) – Éifeacht dhíreach – Ionad coinneála speisialaithe – Coincheap – Coinneáil i bpríosún – Coinniollacha – Airteagal 18 – Cás éigeandála – Coincheap – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Athbhreithniú breithiúnach éifeachtach)

(2022/C 171/15)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Amtsgericht Hannover

Páirtithe sna príomhimeachtaí

An duine lena mbaineann: K

Páirtí eile sna himeachtaí: Landkreis Gifhorn

An chuid oibríochtúil den bhreithiúnas

- 1) Ní mór Airteagal 16(1) de Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna is infheidhme sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a chur ar ais, a léirmhíniú ar bhealach a chiallaíonn gur féidir cuid ar leith de phríosún, ar thaobh amháin, a bhfuil a stiúrtóir féin aici, ach atá faoi réir bhainistíocht an phríosúin sin agus faoi réir údarás an Aire a bhfuil údarás aige ar phríosúin agus ina bhfuil, ar an taobh eile, náisiúnaigh tríú tíortha á gcoinneáil, chun críoch aistrithe, i bhfoirgnimh shonracha, lena n-áiseanna féin agus scoite amach ó na foirgnimh eile sa chuid sin ina gcuirtear príosúnacht ar dhaoine faoi phianbhreith choiriúil, a mheas mar “ionad coinneála speisialaithe”, de réir bhrí na forála sin, ar choinníoll go seachnaítear, a mhéid is féidir, leis na coinníollacha coinneála is infheidhme maidir leis na náisiúnaigh sin, go mbeidh an choinneáil sin cosúil le coinneáil i dtimpeallacht príosúin agus go bhfuil siad ceaptha sa bhealach is go n-urramaítear na cearta a ráthaítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh chomh maith leis na cearta a chumhdaítear in Airteagal 16(2) go (5), agus Airteagal 17 den Treoir sin.
- 2) Ní mór Airteagal 18 de Threoir 2008/115, arna léamh i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha, a léirmhíniú ar bhealach a chiallaíonn go gcaithfidh an chúirt náisiúnta a n-iarrtar uirthi, faoi chuimsiú a dlínse, coinneáil náisiúnach tríú tír a ordú nó a shíneadh, i bpríosún, chun críoch aistrithe, a bheith in ann a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha a bhforchuirtear le hAirteagal 18 maidir leis an bhféidearthacht go bhféadfaidh Ballstát foráil a dhéanamh chun an náisiúnach sin a choinneáil i bpríosún.
- 3) Ní mór Airteagal 16(1) de Threoir 2008/115, arna léamh i dteannta le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, a léirmhíniú ar bhealach a chiallaíonn nach mór do chúirt náisiúnta gan feidhm a thabhairt do reachtaíocht Ballstáit lena gceadaítear, ar bhonn sealadach, náisiúnaigh tríú tíortha atá ag fanacht go neamhdhleathach a choinneáil chun críocha a n-aistriú, i bpríosún, scartha ó ghnáthphríosúnaigh, i gcás nach gcomhlíontar nó nach gcomhlíontar a thuilleadh na coinníollacha faoi Airteagal 18(1) agus faoin dara habairt d’Airteagal 16(1) den Treoir sin chun go mbeidh an reachtaíocht sin i gcomhréir le dlí an Aontais.

(¹) IO C 19 an 18.01.2021

Breithiúnas na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 3 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Korkein hallinto-oikeus – an Fhionlainn) – Imeachtaí arna dtionscnamh ag A

(Cás C-634/20) (¹)

(Tarchur chun réamhrialú – Aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla – Treoir 2005/36/CE – Raon feidhme – Coinníollacha chun an ceart cleachtais gairmithe leighis neamhspleách a fháil sa Bhallstát óstach – Dioplóma eisithe sa Bhallstát baile – Teorainn ar an gceart cleachtais gairmithe leighis go tréimhse trí bliana – Maoirseacht ag dochtúir agus sainoilíúint chomhchéimneach sa leigheas ginearálta thar thréimhse trí bliana – Airteagail 45 agus 49 CFAE)

(2022/C 171/16)

Teanga an cháis: an Fhionlainnis

An Chúirt a rinne an tarchur

Korkein hallinto-oikeus

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: A

I láthair: Sosiaali- ja terveystalari lupu- ja valvontavirasto

An chuid oibríochtúil

Ní mór Airteagal 45 agus Airteagal 49 CFAE a léirmhíniú sa chiall go gcuirtear cosc leo ar údarás inniúil an Bhallstáit óstach ó cheart a dheonú do dhuine, ar bhonn na reachtaíochta náisiúnta, gairm an dochtúra a fheidhmiú atá teoranta do thréimhse trí bliana agus faoi réir an choinníll dúbailte, ar thaobh amháin, a bheith ag cleachtadh faoi threoir agus faoi mhaoirseacht dochtúra atá ceadúnaithe, agus, ar an taobh eile, go ndéanann sé/sí go rathúil, le linn na tréimhse céanna, sainoilíúint sa leigheas ginearálta ar feadh trí bliana, chun a bheith in ann an ceart a fháil chun gairm an dochtúra a chleachtadh go neamhspleách sa Bhallstát óstach, ós rud é go bhfuil deimhniú oiliúna ag an duine lena mbaineann, a bhfuil bunoilíúint leighis críochnaithe acu sa Bhallstát baile, i leith Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,